Comhairle Contae Chiarraí

Scéim do Ranníocaíochtaí Forlíontacha Forbartha

Alt 49 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000

Bóthar Faoisimh an Daingin

& Clós Gaolmhar Páirceála do Chóistí

Tá Comhairle Contae Chiarraí tar éis Dréacht-Scéim do Ranníocaíochtaí Forlíontacha Forbartha le haghaidh Bhóthar Faoisimh an Daingin agus an Chlóis Pháirceála do Chóistí a ghabhann leis a ullmhú. Nuair a ghlacfar leis an scéim atá molta, baileofar Ranníocaíocht Forlíontach Forbartha ar fhobairtí laistigh de theorainn forbartha Phlean Limistéir Áitiúil an Daingin ag na rátai seo leanas:-

Cineál forbartha (laistigh de theorainn forbartha Phlean Limistéir Áitiúil an Daingin)	**Ráta**
Cónaithe	€30.34 an m^2
Tithe Saoire	€30.34 an m^2
Miondíol agus forbairtí neamhchónaithe eile	€36.40 an m^2

Tiocfaidh méadú bliantúil ar an ranníocaíocht atá iníoctha (mura mbíonn glanta cheana féin), i gcomhréir leis an Innéacs ar Phraghsanna Mórdhíola d'Earraí Caipitiúla, Foirgnimh & Tógáil, mar a fhoilsítear ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, mura nglacann an Chomhairle le Scéim eile Ranníocaíochtaí Forbartha ina hionad.

Is féidir leis an bpobal sonraí na Scéime atá molta a iniúchadh ag an Roinn Pleanála, Comhairle Contae Chiarraí, Áras an Chontae, An Ráth Theas, Trá Lí, Co. Chiarraí, agus in Oifig Limistéir an Daingin ag Teach Fearann na Cille, Sráid na nGabhar, An Daingean ón **25 Eanáir 2007 go dtí 8 Márta 2007.** Is féidir sonraí na dréachtscéime a fháil chomh maith ar shuíomh idirlín Chomhairle Contae Chiarraí, www.kerrycoco.ie.

Is cóir aighneachtaí nó tuairimí maidir leis an dréachtscéim a chur i scríbhinn go dtí Ms. Lorraine Sheehan, An Roinn Pleanála, Comhairle Contae Chiarraí, Áras an Chontae, An Ráth Theas, Trá Lí, Co. Chiarraí faoina 5pm, 8 Márta 2007, ar a dhéanaí.